Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8732/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0447(COD)**

**CODEC 809**
**VETER 64**
**AGRI 328**
**AGRILEG 108**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le leas madraí agus cat agus a n-inrianaitheacht **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**D'iarr an Coimisiún go gcuirfí na ráitis seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

An pas peata

Measann an Coimisiún gur rud dearfach é an tionscnamh chun digitiú an phas peataí a bunaíodh faoi Dhlí an Aontais maidir le Sláinte Ainmhithe a chumasú. Tá measúnú mionsonraithe cuimsitheach ar impleachtaí agus módúlachtaí teicniúla agus praiticiúla an chuspóra digitithe sin le déanamh laistigh de 2 bhliain, i gcomhar leis na Ballstáit, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar mhórchoinníollacha teicniúla, praiticiúla agus bonneagair agus ar an rogha an Tiachóg Eorpach Céannachta Digití a úsáid, ar rogha í a forbraíodh a thuilleadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar ghlacadh gníomhartha tarmligthe faoin Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe chun foráil a dhéanamh maidir leis an bpas peataí a dhigitiú a luaithe a bheidh na céimeanna sin curtha i gcrích.

An liosta dearfach peataí

Mar a fógraíodh in athbhreithniú 2022 ar phlean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh na gáinneála ar fhiadhúlra, sheol an Coimisiún staidéar ar an ngá atá le 'liosta dearfach peataí' a thabhairt isteach ar fud an Aontais, ar an mbreisluach a bhaineann leis sin agus ar a indéanta atá sé é sin a dhéanamh. Cuirfear tuarascáil chríochnaitheach an staidéir sin ar fáil go poiblí go luath in 2026. Breithneoidh an Coimisiún an bhfuil gá le haon obair leantach.